

Dáta	Leibhéal ranga Rang a Trí agus Rang a Ceathair	Ábhar Béarla
Snáithe Teanga Bhéil	Snáithaonad Glacacht le teanga. Inniúlacht agus muinín agus teanga á húsáid. Cumais chognaíocha a fhorbairt trí theanga. Forbairt mhothúcháin agus samhlaíochta trí theanga.	
Teideal Teilifís na Mara agus tuairisciú ar Thruailliú na Mara		
Cuspóir(i) Is é aidhm an phlean ceachta ná go bhfoghlaimeoidh na leanaí conas eochaircheisteanna meán a úsáid: Cé? Céard? Cén áit? Cén uair? Cén fáth? Conas? Pléifidh na leanaí cúis agus éifeacht i dtaca leis na próisis agus na teagmhais agus tuarfaidh siad torthaí féideartha. Chomh maith leis sin, pléifidh siad freagairtí do smaointe trí dhrámaíocht ar ala na huair.		
Scileanna atá Riachtanach Léitheoireacht; Éisteacht; Tuiscint; Samhlaíocht, Cruthaitheacht agus Muinín a Fhorbairt agus teanga bhéil á húsáid; Aird, Cuimhne, Loighic agus Réasúnaíocht, Próiseáil Éisteachta, Próiseáil Amhairc agus Luas Próiseála.		
Cuspóirí foghlama Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh: An dóigh a n-úsáidtear eochaircheisteanna bunúsacha a fhoghlaim: Cé? Céard? Cén áit? Cén uair? Cén fáth? Conas? Cúis agus éifeacht a phlé i dtaca leis na próisis agus na teagmhais agus tuarfaidh siad torthaí féideartha. Freagairtí do smaointe a phlé trí dhrámaíocht ar ala na huair.	Gníomhaíochtaí foghlama Labhairt agus Plé: Seinneann an múinteoir sraith míreanna teilifíse bunaithe ar théama bhruscar na mara inár n-aigéin. <i>Tabhair faoi deara nach gcuirtear físeáin faoi iamh mar go mbíonn an t-ábhar ar fáil ar líne ag athrú agus á nuashonrú go seasta.</i> <i>Mholfaimis na suíomhanna Gréasáin seo a leanas, áfach, le haghaidh ábhar físe faoi bhruscar na mara, faoi thruailliú na mara agus faoi smionagar na mara</i> - “Ocean Today” a léirigh an Riarachán Náisiúnta Aigéin agus Atmaisféir (NOAA) i Meiriceá. Tá rogha físeán ag an suíomh sin sa rannán “Ár nAigéan a Dheisiú”. - “Two minutes on Oceans with Tim Toomey” a léirigh Clár Oideachais na Náisiún Aontaithe. - BBC News: Cuardaigh Bruscar na	

	<p><i>Mara mar thopaic chun ábhar cothrom le dáta a aimsiú</i></p> <ul style="list-style-type: none"> - <i>Vimeo: Cuardaigh bruscar na mara, truailliú na mara nó smionagar na mara</i> <p>Éisteannd daltaí le sainstruchtúir theanga atá ina sainghné ag an gcineál téacs labhartha sin. Deirtear le daltaí an fhaisnéis a thugtar faoi na 5 cheannteideal ‘W’ agus faoin gceannteideal ‘H’ a phróiseáil: is iad sin, cé, cén uair, cén áit, céard, cén fáth agus conas.</p> <p>Cuimhnigh: Is é “cén fáth” an ghné is tábhachtaí den scéal.</p> <p>Tuairisc Nuachta: Oibríonn na leanaí i ngrúpaí chun láithreoireacht ó bhéal i riocht tuairisc nuachta a chruthú faoi bhruscar agus thruailliú na mara ach úsáid a bhaint as na 5 cheannteideal ‘W’ agus as an gceannteideal ‘H’.</p> <p>D’fhonn aird na leanaí a tharraingt ar an tasc tuilleadh, is féidir bosca gearrtha amach a úsáid mar scáileán teilifíse.</p> <p>Bheadh sé ina bhuntáiste na taifid a thaifeadadh sa chás go bhfuil trealamh scannánaíochta ar fáil sa scoil. Cuirfidh sé sin ar chumas na leanaí féinmheasúnú a dhéanamh.</p> <p>Acmhainní</p> <p>Trealamh scannánaíochta, más ann.</p> <p>Scáileán cairtchláir teilifíse.</p> <p>Rochtain Idirlín chun tuairiscí nuachta / físeáin faoi bhruscar na mara a aimsiú.</p>
<p>Difreáil Ceisteannd ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.</p>	

Measúnú

Breathnú agus Ceistiú ag an Múinteoir.

Nascadh agus Comhtháthú

Tíreolaíocht: Pléann na daltaí láithreacha áitiúla mar a bhfaca siad bruscar nó truailliú.

Eolaíocht: Pléann na daltaí cá fhad a ghlacfaidh sé, dar leo, sula ndianscaoilfear cineálacha éagsúla truailithe san imshaol (bith-dhíghrádú). An eol dóibh aon samplaí d'ábhair nádúrtha ar féidir leo a bheith ina gcúis le bruscar mar aon le bruscar nó truailliú de dhéantús an duine?

OSPS: Baineann na daltaí úsáid as an teicníc um smaoineamh/ obair i mbeirteanna / comhroinnt chun bealaí a cheapadh inar féidir leo bruscar agus truailliú a laghdú.